Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh 2023

## Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime

Ullmhaithe ag
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
**gov.ie/tithiocht**

# Clár an Ábhair - Téarmaí agus Coinníollacha

1 Cúlra agus Cuspóir na Scéime ... 1
2 Feidhmiú na Scéime ... 2
3 Maoiniú agus Sceidil ... 2
4 Incháilitheacht Don Scéim ... 8
5 An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe ... 11
6 Forchúiteamh Maoinithe ... 15
7 Faisnéis Ghinearálta ... 18

# Foirmeacha

Foirm A. Foirm Iarratais

Foirm B. Foirm Éilimh ar Fhorchúiteamh (ar fáil ach í a iarraidh d'iarrthóirí ar éirigh leo)

# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta |
| ATRÁO | An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta |
| LCS | Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta |
| LON | Limistéar Oidhreachta Nádúrtha |
| SPNF | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| ABTM | Aonad Bainistithe na dTailte Móna den |

# 1 Cúlra agus Cuspóir na Scéime

Is áiteanna speisialta uathúla iad portaigh na hÉireann, bíodh siad ina bportaigh ardaithe, ina mbratphortaigh nó ina n-eanaigh agus tá ról tábhachtach acu i gcabhrú lenár mbithéagsúlacht, lenár bhfolláine, agus lenár n-oidhreacht chultúrtha.

Tá an Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh (SRPTP) ar fáil ó 2018.

Is é an cuspóir atá leis an scéim ná tacú le caomhnú agus athneartú na bportach ardaithe agus na mbratphortach, lena n-áirítear i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) agus i Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON). Tá sé mar aidhm ag an scéim pobail agus eagraíochtaí áitiúla a spreagadh bheith páirteach i bhfeabhsú a n-oidhreacht nádúrtha bogaigh agus tailte portaigh agus feasacht a mhúscailt maidir le ceisteanna timpeallachta a bhaineann leis na gnáthóga sin.

Den chéad uair in 2022, measadh tionscadail eanaigh a bheith incháilithe do mhaoiniú freisin agus tá sé beartaithe leanúint leis seo in 2023.

Tacóidh deontais do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí áitiúla faoin Scéim le réimse tionscnamh ilghnéitheach a bhfuil tairbhe phobail acu, lena n-áirítear imeachtaí, cláir oideachais, promóisin, foilseacháin, taispeántais, forbairt pleananna bainistíochta caomhantais, bearta taitneamhachtaí poiblí agus fóillíochta, cothabháil le tacú le caomhnú portach ardaithe agus bratphortach, monatóireacht nó obair shuirbhéireachta le heolas a dhéanamh do thionscadail athchóirithe/chaomhnaithe, bearta speiceas ionrach agus rialaithe dóiteáin agus tionscnaimh frithbhruscair chomh maith le feabhsuithe comhshaoil ginearálta atá dírithe ar phortaigh ainmnithe agus limistéir bhogaigh eile. I gcás go bhfuil an scéim cláraithe go hiomlán, tabharfar tús áite do thionscadail ina dtacaítear le cuspóirí caomhnaithe portach ardaithe, bratphortach agus eanach ainmnithe roimh thionscadail i limistéir bhogaigh neamhainmnithe.

**Tabhair do d'aire nach bhfuil tionscadail údaráis áitiúil nó tráchtála incháilithe do mhaoiniú faoin Scéim seo.**

# 2 Feidhmiú na Scéime

Feidhmeoidh an scéim seo mar scéim bhliantúil faoi réir ghnáthphróisis bhuiséadacha na Roinne. Ní mór maoiniú a éileamh faoi na spriocdhátaí mar a shonraítear sa Roinn iad.

Glacfar le hiarratais do thionscadail **2023** go dtí an **5 Bealtaine 2023**. Féadfar go leasófaí an spriocdháta sin faoi rogha na Roinne.

Ba chóir tionscadail a mhaoinítear faoin scéim a thosú a luaithe is indéanta.

# 3 Maoiniú agus Sceidil

Ní mór do gach tionscadal beartaithe bheith in ann tosú a luaithe is indéanta, agus é in acmhainn a sholáthair in achar ama réadúil.

Moltar go mbeadh measúnuithe iomchuí, staidéir féidearthachta agus ceadanna pleanála (más gá) bainte amach nó imithe chun cinn go suntasach roimh iarratas tionscadail a chur isteach.

Maidir le conairí siúil agus rotharbhealaí beartaithe, tabhair do d'aire gur dócha go dteastódh cead pleanála nó toiliú a bheith ann ó na húdaráis ábhartha do na tograí sin. Ina thaobh seo moltar duit do thionscadal a phleanáil ar bhonn céimnithe a cheadaíonn tréimhsí leordhóthanacha do gach céim agus saineolas proifisiúnta ábhartha a lorg m.sh. saineolas éiceolaíoch agus/nó saineolas pleanála go háirithe má tá tú ag beartú tionscadail atá gar do limistéar cosanta nó do limistéar atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de. Is féidir treoir a fháil faoi dhul i gcomhairle leis an SPNF maidir le tograí forbartha, mar shampla, conairí siúil agus rothaíochta a d'fhéadfadh cead pleanála bheith ag teastáil uathu ag: https://www.npws.ie/development-consultations

## Ullmhú maidir le Maoiniú

Le maoiniú a fháil ba chóir don ghrúpa nó don eagraíocht pobail stádas foirmiúil agus struchtúr maith riaracháin airgeadais agus rialachais a bheith aige/aici, clárúchán mar charthanacht mar shampla. Is féidir le grúpa amháin gníomhú mar scáthghrúpa do ghrúpaí eile ina leith sin.

B'fhearr go mbeadh an grúpa tar éis roinnt céimeanna a ghlacadh sula gcuirtear an t-iarratas isteach, lena n-áirítear buiséad a bheith ar fáil chun tiomsú airgid a chumhdach, luachaintí a fháil don tionscadal atá beartaithe, na scileanna laistigh den ghrúpa a aithint le haghaidh iarratas láidir a chur le chéile, comhpháirtithe áitiúla nó náisiúnta a aithint, riachtanas agus foinse an mhaoinithe meaitseála a sheiceáil, comhlíontacht an iarratais le gach critéar riachtanach a dheimhniú, aon rioscaí nó dúshláin don tionscadal a aithint, bheith soiléir maidir le haidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail, an chaoi a bhforbróidh an tionscadal thar am a thuiscint agus bheith in ann a thaispeáint conas atá an tionscadal ag dul chun cinn agus conas atá an buiséad á bhainistiú.

## Do mhaor áitiúil Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)

Ba chóir teagmháil a dhéanamh le do mhaor caomhantais áitiúil SPNF **roimh iarratas ar mhaoiniú a chur isteach**. Féadfaidh an maor freisin comhairle a thabhairt duit maidir leis na gnéithe de do thionscadal a bhaineann le caomhnú an dúlra agus bithéagsúlacht agus tú a chur ar an eolas faoi na toilithe atá riachtanach. D'fhéadfaí go mbeadh ort dul i gcomhairle le do mhaor áitiúil i rith an tionscadail. Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait maidir leis sin, nó chun a fháil amach cé lenar chóir duit dul i dteagmháil ó thaobh do cheantair de, déan teagmháil le: pcengagmentscheme@npws.gov.ie.

## Méideanna deontais

Tá dhá chatagóir maoinithe ar fáil:

**Catagóir 1 – Suíomhanna ainmnithe (LCS / LCS / LON)**

Beidh na deontais atá ar fáil faoi Chatagóir 1 idir €1,000 agus €40,000, agus 80% de chostais an tionscadail a bheas sa deontas uasta.

**Catagóir 2 – Suíomhanna neamhainmnithe**

Beidh na deontais atá ar fáil faoi Chatagóir 2 idir €500 agus €20,000, agus 80% de chostais an tionscadail a bheas sa deontas uasta.

Ní mór an costas tionscadail atá fágtha a chistiú trí mhaoiniú meaitseála i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais, uaireanta comhchineáil agus deonacha nó síntiúis.

Féadfaidh maoiniú ar airleacan de suas le 30% den dámhachtain deontais iomlán do thionscadal a chur ar fáil d'iarrthóirí nuair is gá, faoi réir aisíocaíochta sa chás nach leanfaí leis an tionscadal.

**I gcúinsí eisceachtúla faoi rogha na Roinne féadfar deontas lasmuigh den raon sin a dhámhachtain.**

## Ranníocaíocht Airgeadais

Tá gá le ranníocaíocht airgeadais íosta de 5% de na costais tionscadail iomlána. Beidh ar an deontaí dearbhú a thabhairt go bhfuil an ranníocaíocht faoi réir agus taifead d'fhoinse na ranníocaíochta a choinneáil.

## Maoiniú Meaitseála/Ranníocaíochtaí Comhchineáil

Ní mór don eagraíocht / ghrúpa na costais tionscadail atá fágtha a chumhdach iad féin. Beidh rannpháirtíocht iomlán na gcomhphobal leasa ina gné thábhachtach de thionscadail rathúla. **Glacfar le** ranníocaíochtaí comhchineáil, m.sh. obair dheonach, ábhair saor in aisce, infheistíocht chomhphobail agus ranníocaíochtaí daonchairdiúla a bheith incháilithe mar chaiteachas meaitseála.

Beidh cáipéisíocht mar bhileoga ama sínithe, faisnéis bhailíochtaithe maidir le hábhair nó earraí a deonaíodh á n-éileamh ag an Roinn.

**Maidir le hábhair nó earraí a deonaíodh, éileofar:**

- líon na n-earraí agus tuairisc fúthu,
- an dáta ar cuireadh ar fáil iad, agus
- margadhluach cóir iomlán na n-earraí.

**Maidir le háiseanna, éileofar:**

- an ráta cíosa foilsithe agus na huaireanta nó dátaí ar baineadh úsáid as an áis.

**Maidir le seirbhísí oibrithe deonacha, éileofar:**

- liosta de líon na n-uaireanta a oibríodh,

- dátaí na seirbhíse,
- cineál na seirbhíse,
- arna chomhshíniú ag bainisteoir/maoirseoir an tionscadail

Cuirfear an cháipéisíocht sin ar aghaidh chugat lena comhlánú má cheadaítear a leithéid faoin scéim.

**Saothar Deonach:** Má tá an Ranníocaíocht Chomhchineáil i bhfoirm Saothar Deonach (i.e. obair gan íocaíocht), caithfear an t-am a chaitear ar an tionscadal a dhearbhú.

- Ba chóir go mbeadh an ráta a chuirtear i bhfeidhm cothrom leis an luach saothair le haghaidh obair choibhéiseach. Caithfidh an deontaí a chinntiú go bhfuil údar ceart leis an ráta in aghaidh na huaire a chuirtear i bhfeidhm de réir na hoibre a dhéantar.
- Más cuid de thionscadal é an Saothar Deonach, cuirtear ar shúile an deontaí go bhfuil feidhm ag riachtanais uile na reachtaíochta Sláinte agus Sábháilteachta ábhartha.
- Ni cheadaítear aon obair a bhaineann le riarachán an tionscadail a chur san áireamh mar shaothar deonach, m.sh. freastal ar chruinnithe, ullmhú na foirme iarratais ar dheontas, maoiniú éileamh íostarraingthe agus costais bhainistíochta.

Ní mór na sonraí faoin saothar deonach ar fad a éilítear a choinneáil ar bhileog ama (1 bhileog ama in aghaidh an duine). Gabhtar ar an mbileog ama na sonraí seo a leanas;

- Ainm an duine atá i mbun na hoibre
- Cineál, am agus dátaí na n-oibreacha, méid, na huaireanta a oibríodh agus an ráta san uair,
- Síniú an duine a chuir an saothar comhchineáil ar fáil,
- Caithfidh an comhordaitheoir a ceapadh ar son an tionscadail an bhileog ama a shíniú.

## Táillí Gairmiúla, Maoirseacht agus Deimhniú Oibreacha

Caithfear gach obair a dhéanamh de réir na gcaighdeán is airde agus ní mór do ghairmí atá cáilithe go cuí móroibreacha, chomh maith le hoibreacha a mheasann an Roinn a bheith ábhartha, a mhaoirsiú agus a dheimhniú. Is féidir uasmhéid de **5%** den deontas a bhronntar a úsáid le haghaidh costas táillí gairmiúla **nuair is gá maoirseacht/deimhniúgairmiúil** (m.sh. Innealtóir / Ailtire / Éiceolaí srl.) Féadfar go n-áireofar iontu táillí do shuirbhéireachtaí agus ráitis mhodha, do mhaoirseacht agus mhonatóireacht ar an láthair, do chostais réasúnta taistil agus chothaithe agus do shéala a chur leis an tionscadal.

## Maoiniú ar Airleacan

Sa chás go bhfuil **maoiniú ar airleacan** ag teastáil ón iarrthóir nó ón ngrúpa; Is féidir leis an Roinn, ar bhonn cás ar chás, an tionscadal nó na hoibreacha a réamh-mhaoiniú **suas le huasmhéid de 30%** de luach iomlán an tionscadail, faoi réir cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a gcaithfear a úsáid sula scaoilfear tuilleadh maoinithe. Caithfear sonraisc/admhálacha íoctha a chur isteach mar chruthúnas. Scaoilfear tuilleadh maoinithe nuair a bheidh na cistí tosaigh caite go hiomlán. Má scaoiltear maoiniú ar airleacan agus muna dtéann an tionscadal chun cinn, caithfear an maoiniú seo **a aisíoc**.

**Íocfar an chuid eile den mhaoiniú a deonaíodh ar bhonn caiteachas dearbhaithe amháin.**

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go soiléir conas a chaithfear an maoiniú ar airleacan agus an chuid eile den mhaoiniú iomlán. Ba chóir leagan amach maith a bheith ag buiséad an tionscadail agus, **de réir dea-chleachtas an tsoláthair, ba chóir trí mheastachán ar a laghad a fháil de réir mar is cuí**. Ba chóir sceidil agus garspriocanna an tionscadail a chur ar fáil freisin. Ní mór meastacháin a sholáthar ón soláthróir le haghaidh earraí/ábhair/seirbhísí ar leith. Ní ghlacfar le catalóga earraí mar mheastacháin. Cuir isteach an meastachán roghnaithe le do thoil le d'iarratas ach coinnigh na luachaintí eile a fuarthas ar chomhad chun críocha iniúchta.

## An Maoiniú a Bhronntar

Braithfidh leibhéal cruinn an deontais a bhronntar le haghaidh tionscadail ar leith ar chineál agus ar cháilíocht an togra.

Caithfear an maoiniú a bhronntar a úsáid chun na gcríoch atá sonraithe san iarratas amháin agus ní mór cead a fháil roimh ré ón Roinn d’aon athrú ar úsáid bheartaithe an mhaoinithe.

**Caithfidh aon athrú maidir le soláthraithe, leis na hábhair a úsáidtear nó le cuspóirí an tionscadail a chur in iúl don Roinn agus cead a fháil uaithi ina leith sula n-athrófar úsáid an mhaoinithe.**

## Fógra faoin Maoiniú a Bhronntar

Tar éis na tionscadail le haghaidh maoinithe a cheadú, cuirfidh an Stiúrthóireacht um Chaomhnú an Dúlra de chuid na Roinne fógra chuig na hiarrthóirí rathúla faoi thairiscintí **sealadacha** maoinithe. Sonrófar san fhógra sin leibhéal an mhaoinithe a ceadaíodh, an sceideal chun an tionscadal a chríochnú agus téarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe a bronnadh in am trátha chun ligean don iarrthóir an tionscadal / imeacht / gníomhaíocht / oibreacha a chríochnú agus an maoiniú a fháil ar ais faoin spriocdháta a éilítear.

Tabharfaidh an Roinn an ceadú deiridh chomh luath agus a chomhlíonfaidh an t-iarrthóir aon choinníollacha atá fós le comhlíonadh.

Foilseoidh an SPNF na sonraí faoi na tionscadail ar bronnadh maoiniú faoin scéim seo.

Iarrfar ar na hiarrthóirí Foirm Ríomhaistrithe Airgid (RAA) a líonadh isteach. Ní dhéanfar íocaíocht ach trí RAA go cuntas bainc atá in ainm an ghrúpa nó na heagraíochta agus ní go cuntas de chuid aon bhall ar leith.

Muna gceaptar go bhfuil d’iarratas incháilithe, gheobhaidh tú litir a chuirfidh in iúl duit nach ndéanfar d’iarratas a mheas. Muna n-éiríonn le d’iarratas, gheobhaidh tú litir a chuirfidh in iúl duit nár éirigh le d’iarratas. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le pcengagmentscheme@npws.gov.ie le haiseolas a fháil maidir le d’iarratas.

# 4 Incháilitheacht Don Scéim

## Cad iad cineálacha na dtionscadal atá incháilithe?

Seo a leanas catagóirí na dtionscadal atá incháilithe le haghaidh maoiniú deontais: (Ní liostaí uileghabhálacha iad seo)

**Cláir Oideachais, Feasachta agus Caomhnaithe maidir le Portaigh Ardaithe, Bratphortaigh, Eanaigh agus Tailte Portaigh:** cláir a dhéanfaidh rannpháirtíocht agus feasacht an phobail a chur chun cinn maidir le suíomhanna ainmnithe portaigh ardaithe agus bratphortaigh mar chuid dár n-oidhreacht nádúrtha.

> D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na hiarratais ionchasacha: tabhairt faoi thurais oideachasúla, thurais lae scoile nó thionscadail samhraidh, i.e. gníomhaíochtaí fóillíochta agus oideachasúla, rannpháirtíocht dheonach a spreagadh lena áirítear an fheasacht a fheabhsú maidir le caomhnú agus athchóiriú na suíomhanna ainmnithe i measc pobal nó grúpaí m.sh. grúpaí óige, grúpaí pobail.

**Imeachtaí, Taispeántais agus Promóisin:** maoiniú le tacú le himeacht, taispeántas nó feachtas fógraíochta a thionscnamh a bhaineann le caomhnú, athchóiriú, feasacht nó cur chun cinn tailte portaigh (lena n-áirítear eanaigh) a thabharfaidh deis rannpháirtíochta nó eispéiris don phobal.

**Foilseacháin, Bileoga agus Nuachtlitreacha Dúlra Áitiúla:** maoiniú chun tacú le foilseachán, bileog nó nuachtlitir a chur ar fáil ag grúpaí pobail a ardaíonn meas agus tuiscint ar luach ollmhór iontu féin na bportach ardaithe, na mbratphortach agus na n-eanach in oidhreacht nádúrtha shaibhir na hÉireann agus a chuirfeadh le taitneamh an náisiúin i leith na hoidhreachta sin.

> D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na samplaí d'iarratais rathúla ionchasacha leabhair ar ghnáthóga fiadhúlra, ar fhlóra agus fhána phortaigh ardaithe/bhratphortaigh na hÉireann, ach gan a bheith teoranta dóibh, lena n-áirítear meáin dhigiteacha agus ardáin shóisialta.

Chuirfeadh an Roinn fáilte roimh thionscadail ar shuíomhanna ainmnithe a bhfuil mar aidhm leo na gnáthóga dar ainmníodh an suíomh a athchóiriú agus a chaomhnú.

Téigh i dteagmháil le do mhaor SPNF áitiúil chun treoir a fháil maidir le hoibreacha a ghabháil de láimh nó comharthaíocht a chur suas i gcomharsanacht suíomhanna cosanta (m.sh. LCS, LCS, LON).

**Bearta Caomhnaithe, Leasaithe agus Feabhsaithe Talún Portaigh:** i.e. maoiniú chun bearta caomhantais a ghabháil de láimh a bhfuil nasc díreach acu leis na Cuspóirí Caomhantais agus a théann i ngleic le bagairtí agus brúnna an tsuímh ainmnithe dóibh siúd a fhéachann lena dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú go gníomhach trí thionscadail nó ghníomhaíochtaí de chineál comhshaoil de ar leibhéal an phobail, tacú le grúpaí deonacha áitiúla, le daoine ar leith nó eagraíochtaí agus cúnamh a chur ar fáil dóibh le haghaidh oibreacha cothabhála a chur i gcrích chun an limistéar a fheabhsú i gcomharsanacht líonraí LCS/LON na dtailte portaigh agus laistigh díobh. Bheadh muid ag moladh d'aon ghrúpa atá ag tabhairt faoi bhearta siúlbhealaigh nó conaire dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus comhairle a lorg ó eagraíochtaí eile a ghabh a leithéid de thionscadail ar láimh roimhe seo

> Tabhair do d'Aire: Ní mór go mbeadh nasc díreach ag bearta caomhantais (gníomhaíochtaí) a théann i ngleic leis na bagairtí agus brúnna ag suíomh ainmnithe ar leith leis na Cuspóirí Caomhantais don suíomh ainmnithe Natura 2000 agus ní mór go mbeadh táscairí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha acu a léireodh rath an bhirt caomhantais. Mar shampla, d'fhéadfadh na spriocanna díothaithe speiceas ionrach sna Cuspóirí Caomhantais do LCS tabhairt le fios gur ionann an sprioc agus níos lú ná 1% den speiceas ionrach a bheith ann. Mar sin, ní mór limistéar an speicis ionraigh san LCS a áireamh agus léiríodh an táscaire gearrthéarmach a socraíodh go mbainfí X heicteár agus san fhadtéarma go bhfeabhsódh staid chaomhantais fhabhrach na gnáthóige faoi dháta X.

**Níl aon mhaoiniú ar fáil faoin scéim seo do bhearta rochtana nó feabhsúcháin bóthair ná do dhraenacha ar phortaigh a úsáidtear le haghaidh móin a ghearradh nó chun críche tráchtála.**

**Ní mór go mbeadh gá le haon obair fheabhsúcháin agus gan í a bheith mar ghnáthchothabháil amháin ná den chineál a mbeifí ag súil leis go réasúnta go ndéanfadh na hiarrthóirí féin í.**

**Ní chuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil go foirmiúil d'aon ghníomhaíochta atá bainteach leo seo a leanas:**

- Tionscadail atá ar leas duine ar leith amháin
- Trealamh nach bhfuil baint dhíreach aige leis an tionscadal
- Tionscadail a ghineann ioncam
- Forchostais, costais reatha leanúnacha
- Árachas

Ba cheart cúram ar leith a ghlacadh le hoibreacha atá beartaithe i limistéar ainmnithe, mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS), Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS) agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LON).

Ní mór d'aon scagadh atá riachtanach le haghaidh measúnuithe iomchuí agus do mheasúnuithe comhshaoil eile nó ceadanna srl. a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil a bheith i bhfeidhm sula dtosófar ar aon oibreacha.

Ba cheart don iarrthóir a chinntiú go bhfuil gach toiliú riachtanach faighte aige/aici ó gach úinéir talún lena mbaineann (Príobháideach agus Poiblí) maidir leis na hoibreacha atá beartaithe, agus go gcomhlíonann na hoibreacha, nuair is infheidhme, na caighdeáin ábhartha arna leagan síos ag na comhlachtaí ábhartha. Maidir le tionscadail a bhaineann go háirithe le forbairt conairí siúil, rotharbhealaí srl. nó atá thar thailte príobháideacha, caithfear cruthúnas comhairliúcháin agus comhaontaithe a sholáthar leis an iarratas ó **gach** úinéir talún áitiúil lena mbaineann.

## Maoirseacht ar Dhul Chun Cinn an Tionscadail

Féadfaidh an Roinn tuilleadh faisnéise a iarraidh, cigireachtaí a dhéanamh ar an tionscadal atá á bhreithniú le haghaidh maoinithe nó cigireachtaí a dhéanamh ar an tionscadal atá ceadaithe le haghaidh maoinithe má mheastar go bhfuil gá leo.

Éileofar táscairí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a léireoidh rath an tionscadail. Mar shampla, do thograí feasachta oideachasúla d'fhéadfaí táscaire gearrthéarmach a shocrú go mbeadh an t-imeacht nó clár faoi lánseol faoi dháta x,

agus mar tháscaire fadtéarmach go mbeadh leas bainte amach ag x daoine as an gclár nó imeacht.

Éileofar tuairisc chríochnaithe nuair a thabharfar an tionscadal chun críche. Cuirfear an fhoirm riachtanach ar fáil don iarrthóir a luaithe agus a ceadófar maoiniú faoin scéim don tionscadal.

# 5 An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe

Déanfaidh an tSPNF an scéim a fhógairt agus measfaidh agus molfaidh sí na hiarratais a bhreithneoidh an t-Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar mhaoiniú faoin scéim. Is féidir leis an Roinn cigireacht a dhéanamh ar an tionscadal lena chinntiú gur cuireadh i gcrích é de réir dea-chleachtais agus oibleagáidí reachtúla. Is féidir léi cigireacht a dhéanamh freisin ar an tionscadal i rith na bliana.

Fógrófar an scéim sna nuachtáin áitiúla, ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra www.npws.ie, ar shuíomh gréasáin na Roinne www.gov.ie/tithiochta agus ar mheáin shóisialta eile

Ní mór don iarrthóir cóip amháin a chur isteach den fhoirm iarratais chomhlánaithe agus shínithe in éineacht le haon ábhair bhreise eile, lena n-áirítear ráiteas modha, más ábhartha, trí r-phost chuig pcengagementscheme@housing.gov.ie nó tríd an bpost chuig an seoladh a thugtar ag tús na foirme iarratais.

**Cuirtear in iúl d'iarrthóirí go bhféadfadh mainneachtain leordhóthain mionsonraí a chur ar fáil san fhoirm iarratais agus san ábhar breise moill a chur ar an iarratas.**

**Ní bhreithneofar aon iarratas nach bhfuil líonta isteach go hiomlán nó nach bhfuil sínithe.**

**Stádas Dlí:**

Ní mór cruthúnas ar stádas dlí aon ghrúpa pobail nó eagraíocht a chur isteach le hiarratas. Iarrfar deimhniú imréitigh cánach i ndiaidh fhaomhadh an mhaoinithe faoin scéim.

## Próiseas an Mheasúnaithe

Scrúdófar na hiarratais ar bhonn fiúntais agus breithneofar iad faoi réir agus dóthain maoinithe a bheith ar fáil. Ba cheart go léireodh na tionscadail luach maith ar airgead freisin agus go mbeidís ag teacht le haidhmeanna iomlána na scéime.

Agus na hiarratais á gceadú agus na tionscadail rathúla á roghnú aici, déanfaidh an Roinn breithniú ar roinnt gnéithe, lena n-áirítear an fhaisnéis atá ar fáil san Fhoirm Iarratais agus san ábhar breise, lena n-áirítear raon, meascán, cáilíocht agus tionchar na dtionscadal atá beartaithe (Conas a thacaíonn an tionscadal leis na Cuspóirí Caomhantais don suíomh Natura 2000) agus cúinsí ábhartha eile. Is féidir teacht ar shampla de LCS a bhfuil Cuspóirí Caomhantais aige anseo https://www.npws.ie/protected-sites/sac/000572

Tabhair do d'aire go bhféadfaí líon na dtionscadal a cheadaítear do chomhlacht ar leith a laghdú i gcás ina bhfuil rómhoill sna tionscadail a ceadaíodh don chomhlacht sin faoi leaganacha roimhe sin den Scéim seo.

Déanfar na tionscadail a mheas ar bhonn na faisnéise a cuireadh isteach agus faoi na critéir ualaithe seo a leanas:

| Critéar | Ualú |
|---|---|
| 1. Cáilíocht & Caighdeán an Tionscadail lena n-áirítear Ábhar Breise | 20 marc |
| 2. Luach ar Airgead | 25 marc |
| 3. Cumas Oideachais agus Múscailte Feasachta maidir le Caomhnú Tailte Portaigh; Tacaíocht le Cuspóirí Caomhantais suíomhanna ainmnithe; | 30 marc |
| 4. Tairbhí Rannpháirtíochta Pobail | 25 marc |

I ndiaidh na n-iarratas a mheas, molfaidh an Stiúrthóireacht um Chaomhnú an Dúlra de chuid na Roinne tionscadail agus leibhéil mhaoinithe don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## Ráiteas Modha

Le haghaidh oibreacha fisiceacha ní mór ráiteas modha a chur isteach freisin a oireann do scála agus do chineál an tionscadail. Is éard atá i ráiteas modha ná doiciméad ina sonraítear conas a dhéanfar tasc nó gníomhaíocht áirithe. Ba cheart go luafadh sé go sonrach na gníomhaíochtaí atá le déanamh ar bhonn céim ar chéim. Féach ar an treoir theimpléid thíos.

Cuirtear in iúl d'iarrthóirí go bhféadfaí a n-iarratas a lagú go mór muna gcuirtear dóthain sonraí ar fáil sa ráiteas modha. Is féidir nóta treorach gearr i leith ráitis mhodha a fháil in Aguisín 1 sa doiciméad seo.

**Caithfear gach cead/measúnú a bhfuil gá leo a lua ar** an bhfoirm iarratais (m.sh. Toilithe ón Aire, Cead Pleanála, Measúnuithe Iomchuí, Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta, Toilithe ó Úinéirí Talún, Socruithe Léasa) chomh maith le breac-chuntas ar cathain a iarradh/a fuarthas toiliú.

Tá tuilleadh eolais faoi phleanáil agus thoilithe le fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) https://www.npws.ie/development-consultations i leith tionscadal nó clár a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhreacht náisiúnta.

Caithfear, nuair is gá, dul i gcomhairle leis na deontóirí agus le haon duine eile a d'fhéadfaí go mbeadh tionchar ag an tionscadal atá beartaithe ar a gcuid tailte nó leasanna, sula dtosaítear ar an tionscadal, agus toiliú i scríbhinn a fháil an tionscadal a chur i gcrích lena n-áirítear dul isteach ar a gcuid tailte. **Caithfear an toiliú i scríbhinn sin a chur isteach leis an bhfoirm iarratais.**

Caithfidh go gcuirfí na himpleachtaí ábhartha i leith sábháilteachta, dliteanais agus rochtana san áireamh le gach beart a dhéantar chun rochtain ar thailte portaigh a fheabhsú.

## Riachtanais agus Toilithe Reachtúla

Caithfidh aon oibreacha a cheadaítear faoin scéim seo gach riachtanas reachtúil a chomhlíonadh lena n-áirítear an reachtaíocht maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas, an reachtaíocht maidir le fostaíocht agus leis an gcomhshaol agus an gá atá le cead pleanála nó le toilithe ábhartha eile, nuair is cuí.

I gcás go mbeartaítear oibreacha a dhéanamh i limistéir atá faoi chosaint faoin Acht um Fhiadhúlra 1976, arna leasú, faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, arna leasú, nó faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, ní mór don iarrthóir cruthúnas a chur ar fáil gur comhlíonadh na riachtanais reachtúla maidir le fógra a thabhairt nó maidir le toiliú ón Aire faoi na hAchtanna/Rialacháin sin.

Ag brath ar chineál an tionscadail, d’fhéadfaí go mbeadh gá le cead a fháil ó údaráis toilithe eile.

## Riachtanais Aistriúcháin do Chomharthaíocht

Forchuirtear leis na rialacháin a eisíodh faoi fho-alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 dualgas reachtúil teanga ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an gcomharthaíocht: féach ar an eolas thíos:

Is iad seo a leanas ailt 6(1) agus 7(2) de na Rialacháin:

6. (1) Faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, maidir le haon chomhartha a chuireann comhlacht poiblí´in airde, nó´a chuirtear in airde thar ceann aon chomhlachta phoiblí, in aon suíomh—

(a) sa Stát, nó,

(b) ach amháin i gcás comhlachta forfheidhmithe, lasmuigh den Stát is i nGaeilge nó´i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh sé'.

7. (2) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le comhartha i nGaeilge agus i mBéarla a chuireann comhlacht poiblí´in aon suíomh:

(a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,

(b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla,

(c) ní´bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó´thaobh méide de, ná´na litreacha sa téacs i mBéarla,

(d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé´in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus

(e) ní´dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú´mura rud é´go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

# 6 Forchúiteamh Maoinithe

## Léargas ar Phróiseas na hÍocaíochta

Tá an Stiúrthóireacht um Chaomhnú an Dúlra de chuid na Roinne freagrach as an maoiniú a cheadaítear faoin Scéim a íoc leis na hiarrthóirí rathúla. Tá an Roinn faoi cheangal ag **Ciorclán 13/2014**: **Bainistíocht Deontas ó Chistí Státchiste agus Freagracht astu agus na riachtanais a bhaineann leis an gcód caiteachais phoiblí.***

> *Is é atá ann mar bhunphrionsabal ná gur chóir go mbeadh an trédhearcacht agus an chuntasacht i bhfeidhm maidir le bainistíocht na gcistí poiblí agus ar aon dul leis an tíosaíocht, leis an éifeachtúlacht agus leis an éifeachtacht. Mar shampla, leagann an ciorclán amach nár cheart d'fhaighteoirí deontais sócmhainní atá maoinithe go poiblí a dhiúscairt gan cead a fháil roimh ré.

Is le haghaidh an tionscadail a gcuirtear síos air sa litir cheadaithe ón Roinn amháin a bheidh aon mhaoiniú atá á thairiscint. I gcás athruithe suntasacha mar athrú ó thaobh na soláthraithe, na n-ábhar a úsáidtear nó cuspóirí an tionscadail de, caithfear a leithéid a chur in iúl don Roinn agus cead a fháil ina leith láithreach sula rachfar ar aghaidh.

**Ní mór do gach tionscadal a bheith críochnaithe agus, más gá, deimhnithe ag gairmí ábhartha sular féidir leis an iarrthóir íocaíocht an mhaoinithe a lorg.**

Ní íocfar aon deontais ach ar chríochnú an tionscadail agus ar na cáipéisí seo a leanas a bheith curtha isteach sula a ndéantar íostarraingt deiridh an mhaoinithe:

- RAA comhlánaithe;
- Foirm Bileoige Forchúitimh B chomhlánaithe;
- Deimhniú oibreacha ó ghairmí ábhartha (m.sh. Ailtire, innealtóir, suirbhéir);
- Admhálacha dearbhaithe atá **SÍNITHE agus DÁTAITHE** ag an soláthraí;
- Sonraisc arna marcáil go bhfuil siad íoctha atá **SÍNITHE agus DÁTAITHE** ag an soláthraí;

**NÓTA: ní leor sonrasc arna stampáil ÍOCTHA amháin**

- Tuairisc chríochnaithe agus;
- Soláthar faisnéise breise lena n-áirítear grianghraif, cóip d'aon ábhar a rinneadh m.sh. leabhair, leabhráin agus tuarascálacha más gá

Caithfidh iarrthóirí a dhéanann éilimh ar mhaoiniú deontais ar bhonn caiteachais dearbhaithe a rá:

- go mbaineann na sonraisc a úsáidtear chun tacú lena héileamh le gníomhaíochtaí agus le seirbhísí atá oiriúnach do chuspóirí na Scéime agus gur íocadh iad; agus
- nár úsáideadh agus nach n-úsáidfí na sonraisc mar thaca le héileamh eile ar aisíocaíocht ó aon mhaoinitheoir(í) eile (ach amháin mar a ligtear dó i gcomhaontú maidir le socrú cómhaoinithe).

Sa chás gur éiríodh as an tionscadal, ní mór don iarrthóir é sin a chur in iúl don Roinn láithreach agus méid iomlán aon mhaoinithe a fuarthas a aisíoc freisin.

## Gnásanna Cros-seiceála

I roinnt cásanna, d'fhéadfaí go mbeadh tionscadail i dteideal maoiniú a fháil ó níos mó ná scéim/clár maoinithe poiblí amháin. Chun a chinntiú ina leithéid de chásanna nach sáraítear teorainn chostais iomlán an tionscadail ó mhaoiniú poiblí, CBL san áireamh, ach amháin in imthosca eisceachtúla, is féidir an fhaisnéis a chuireann an t-iarrthóir ar fáil a chros-seiceáil le comhlachtaí poiblí eile laistigh de threoirlínte cosanta sonraí.

## Caiteachas Incháilithe agus Táillí Gairmiúla

Ceadaítear **Cáin Bhreisluacha (CBL)** mar chaiteachas incháilithe faoin Scéim seo. Ní cheadaítear é áfach ach i leith na coda amháin sin den obair atá á maoiniú agus sna cásanna amháin nach féidir leis an tairbhí an CBL sin a fháil ar ais ar aon mhodh eile.

## Riachtanais maidir leis an mBainistíocht Airgeadais

Feidhmíonn an Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh faoi phrionsabail an chóid caiteachais phoiblí trína gcuirtear iallach ar gach comhlacht poiblí in Éirinn cistí poiblí a bhainistiú go cúramach agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr agus is féidir ar airgead aon uair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. http://publicspendingcode.per.gov.ie.

Ba cheart do dheontaithe aird ar leith a thabhairt ar **Ciorclán 13/2014**: **Bainistíocht Deontas ó Chistí Státchiste agus Freagracht astu. Féach ar** http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf d'fhonn tuilleadh sonraí a fháil**.** Ní mór do dheontaithe a chinntiú go bhfuil bainistíocht cheart airgeadais i bhfeidhm agus go bhfuil rian iniúchta leordhóthanach ar fáil agus á chothabháil le haghaidh an mhaoinithe a bronnadh faoin scéim seo. Caithfear Ráitis Airgeadais a chur faoi bhráid na Roinne ag deireadh na bliana airgeadais. Sa chás nach bhfuil cuntais iniúchta ar fáil, ní mór don Roinn a bheith sásta go bhfuil ráitis oiriúnacha airgeadais ann ar féidir glacadh leo mar mhalairt.

Ina theannta sin, caithfidh gach iarrthóir rathúil tuairisc a dhéanamh ina ráitis airgeadais, sa chás ina gcuirtear a leithéid de ráitis ar fáil, faoin maoiniú a fuarthas ón scéim mar seo thíos:

- Ainm na Roinne, leis an teideal beacht atá le húsáid sa tuairisc, i.e. An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;
- Ainm beacht na Scéime, i.e. an Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh;
- Méid an mhaoinithe a bhfuil cuntas air sa ráiteas reatha airgeadais;
- Cibé an bhfuil srian le húsáid an mhaoinithe agus conas a shriantar é (i.e. an le haghaidh tionscadail ar leith é nó le haghaidh seirbhíse a chur ar fáil).

# 7 Faisnéis Ghinearálta

## Grianghraif/Luachaintí ar Oibreacha/Comhlíontacht Imréitigh Cánach

Iarrann an Roinn ar an iarrthóir/na hiarrthóirí grianghraif dhigiteacha nó físeáin ar ardchaighdeán den tionscadal a chur ar fáil, más ábhartha, sula dtosaíonn aon oibreacha/bearta agus tar éis don tionscadal/obair a chríochnú, ar féidir iad a úsáid níos déanaí do chomparáid 'roimhe agus ina dhiaidh' chun críocha tuairiscithe.

Tabhair do d'aire gur féidir leis an Roinn aon íomhá nó gach íomhá a chuireann an t-iarrthóir/na hiarrthóirí ar fáil a úsáid chun an Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh a fhógairt nó a phoibliú nó go ndéarfaidh an t-iarrthóir a mhalairt. Moltar d'iarrthóirí cead a fháil maidir le húsáid a bhaint as íomhánna (más gá) sula gcuireann siad faoi bhráid na Roinne iad agus é sin a dhearbhú i scríbhinn.

## Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach

Ní mór cloí leis na nósanna imeachta imréitigh cánach ábhartha maidir le híocaíochtaí deontais san earnáil phoiblí mar atá leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tabhair do d'aire go bhfuil nósanna imeachta nua Imréitigh Cánach tugtha isteach ag na Coimisinéirí Ioncaim. Féach ar www.revenue.ie/ga le do thoil chun tuilleadh sonraí a fháil. De réir Alt 4(1) de

> Chiorclán 44/2006 na Roinne Airgeadais: Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach: Deontais, Fóirdheontais agus Íocaíochtaí dá Samhail, bí cinnte go bhfuil gach iarrthóir, conraitheoir agus fochonraitheoir ag cloí leis na nósanna imeachta imréitigh cánach is cuí.

## Poiblíocht

Ní mór dóibh siúd a bhfuil maoiniú faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh á fháil acu aitheantas a thabhairt do rannchuidiú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Natura 2000 (más ábhartha do thionscadail laistigh de Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta) i ngach cainéal poiblíochta clóite agus ar líne acu a bhaineann leis an tionscadal atá á mhaoiniú agus na lógónna ábhartha a léiriú.

Áirítear leo sin iad seo a leanas:

- Comharthaí suímh, cláir fógraí, cláir faisnéise agus painéil léirmhínithe;
- Foilseacháin chlóite agus ar líne;
- Ábhair phoiblíochta chlóite mar bhileoigíní, chláir agus phóstaeir imeachta, bhróisiúir, bhileoga, nuachtlitreacha agus phreaseisiúintí;
- Fógraíocht;
- Ábhair oideachasúla agus cuir i láthair;
- Clúdaigh dlúthdhioscaí agus físdioscaí digiteacha agus pacáistiú táirge a bhaineann; agus
- Creidiúintí scannáin, teilifíse agus físeáin ar líne.

Cuirfidh an Stiúrthóireacht um Chaomhnú an Dúlra na Roinne na lógónna ábhartha ar fáil.

## Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Tá iarratais ar mhaoiniú faoin scéim seo faoi réir **na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus na Rialachán um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol**.

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, is féidir na sonraí atá in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a scaoileadh chuig tríú páirtithe arna iarraidh sin acu. Má tá aon fhaisnéis íogair nó rúnda i d'iarratas, déan í a aithint agus mínigh cén fáth nár cheart í a nochtadh le do thoil. Má fhaightear iarratas chun faisnéis íogair a scaoileadh de réir na reachtaíochta, rachfar i gcomhairle leat sula ndéanfar cinneadh cibé ar cheart an fhaisnéis a scaoileadh nó nár cheart. Mar sin féin, muna n-aithnítear aon fhaisnéis ar leith mar fhaisnéis íogair, d'fhéadfaí í a nochtadh gan dul i gcomhairle leat.

## Iniúchadh agus Coinneáil Cáipéisí

D'fhéadfaí go mbeadh tionscadail faoi réir iniúchta ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Caithfear an doiciméadacht uile a baineann leis an Scéim seo a choinneáil ar taifead ar feadh 7 mbliana ar a laghad tar éis chríoch na Scéime seo.

Má tá na doiciméid á stóráil go leictreonach, ba cheart go gcloífeadh na gnásanna a úsáidtear chuige sin leis an Acht Ríomhthráchtála, 2000.

## Cosaint Leanaí

Cloíodh na deontaithe leis an Acht um Leanaí 2015 agus le 'Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí'. Sa chás go bhfuil leanaí páirteach sna tionscadail/himeachtaí/gníomhaíochtaí atá á maoiniú, iarrfar ar dheontaithe dearbhuithe a thabhairt go bhfuil na beartais/socruithe cuí maidir le cosaint leanaí i bhfeidhm.

## Athdháileadh Maoinithe

Is féidir leis an Roinn athdháileadh a dhéanamh ar an maoiniú muna dtosaíonn tionscadail faoin dáta a luaitear agus muna gcríochnaítear iad faoin spriocdháta. Ba cheart aon deacrachtaí a bhaineann le riarachán na scéime seo a dhíriú ar an gcéad dul síos chuig an Stiúrthóireacht um Chaomhnú an Dúlra na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## Teagmháil/Fiosruithe

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil nó chun fiosrúcháin a dhéanamh maidir le hoibriú na scéime seo, is féidir le hiarrthóirí teagmháil a dhéanamh leis an **Stiúrthóireacht um Chaomhnú an Dúlra** na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Y35 AP90 nó trí ríomhphost chuig pcengagementscheme@housing.gov.ie

## Próiseas Gearán / Achomharc

I gcás gearáin i ndáil le riar na Scéime, is féidir le hiarrthóirí an cheist a chur roimh an Stiúrthóireacht um Chaomhnú an Dúlra na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le haghaidh athbhreithnithe bainistíochta inmheánaigh agus tá an rogha acu, má tá siad míshásta leis an toradh, dara hathbhreithniú a fháil ar leibhéal bainistíochta níos sinsearaí laistigh den Roinn. Ina dhiaidh sin áfach, má bhraitheann siad nár dhéileáil an Roinn lena ngearáin go sásúil, is féidir leis an iarrthóir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman.

# Úsáid Sonraí

## Ráiteas Príobháideachais

Geallann an Roinn go ndéanfar do chuid príobháideachta a chosaint agus go léirítear meas uirthi agus baineann sí úsáid as na bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid sonraí a chosaint ó rochtain neamh-údaraithe. Ní dhéanfaidh an Roinn do shonraí a phróiseáil ar chúis ar bith ach amháin i leith na gcuspóirí faoina mbailíodh iad. Is féidir sonraí pearsanta a roinnt le Ranna eile Rialtais, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne nó le comhlachtaí poiblí eile i gcúinsí áirithe i gcás ina bhforáiltear dó sin faoin dlí.

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch ar bailíodh iad agus ar próiseáladh iad ina dhiaidh sin. Nuair a bheidh an riachtanas gnó chun an fhaisnéis sin a choinneáil imithe in éag, déanfar í a scrúdú d'fhonn na sonraí pearsanta a scriosadh a luaithe is féidir, agus de réir bheartas na Roinne.

Tá Ráiteas Príobháideachais na Roinne i leith soláthraithe ar leith, íocaithe agus deontaithe agus tuilleadh eolais faoi Chosaint Sonraí le fáil ar ár suíomh gréasáin ag: [gov.ie - Data Protection (www.gov.ie)]

**Aguisín 1 - Nóta Treorach Gearr i leith Ráitis Mhodha**

Ba cheart go mbeadh an Ráiteas Modha oiriúnach do chineál agus do scála na hoibre atá beartaithe. **Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas sa <u>Ráiteas Modha d'Oibreacha Fisiceacha</u>:**

1. **Cur síos gonta ar an limistéar atá ann ina bhfuil na hoibreacha / an tionscadal atá beartaithe suite.**
   Ba chóir gur cur síos gonta é sin ar an limistéar mar atá sé faoi láthair, lena n-áirítear cur síos ar na gnéithe ar leith a bhaineann leis, a chuma, a shuíomh, a chruth, a bhail, a fheidhm reatha agus a thábhacht.

2. **Ní mór léarscáil den suíomh atá marcáilte go soiléir a chur ar fáil ar scála agus ar cháilíocht oiriúnach.**
   Ba cheart go mbeadh gach 'beart ar an láthair' agus gach obair fhisiceach atá beartaithe marcáilte chomh cruinn agus chomh soiléir agus is féidir.

3. **Cur síos gonta ar na hoibreacha / an tionscadal atá beartaithe.**
   Ba cheart go léireodh sé seo aon cheist a bhfuil riosca ag baint léi, cad iad na hoibreacha atá beartaithe, conas a thabharfar faoin obair, na bearta riachtanacha sábháilteachta agus an tsonraíocht agus na hábhair atá le húsáid. Caithfidh pleananna, líníochtaí agus meáin fhísiúla tacaíochta ábhartha mar ghrianghraif nó léaráidí eile a bheith san áireamh ann agus ba cheart go dtabharfadh sé aghaidh de ghnáth ar na ceisteanna seo a leanas (agus ar aon cheist eile a meastar go bhfuil tábhacht ag baint léi):
   a) An oibreacha sealadacha nó buana iad?
   b) Cén cineál oibre atá á moladh agus cén suíomh ina dtabharfar fúithi?
   c) Cén mhaoirseacht agus cén mhonatóireacht a dhéanfar ar an láthair
   d) Cur síos gairid ar sceideal nó ar sheicheamh na hoibre
   e) An bhfuil rochtain/bealach amach leordhóthanach ann?
   f) Costas measta an tionscadail
   g) Dáta tosaigh agus dáta críochnaithe measta

4. **Ráiteas tionchair agus na bearta maolaithe atá beartaithe (má bhaineann).**
   Caithfidh sé seo aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh teacht as an bair agus cur síos ar conas is féidir drochéifeachtaí a mhaolú.

5. **Cur síos mionsonraithe ar na céimeanna eile den tionscadal atá le teacht (má bhaineann)**

6. **Líon isteach na sonraí maidir le haon chonraitheoir, cheardaí nó phearsanra lena mbaineann sa tábla thíos**

| | |
|---|---|
| Conraitheoir(í)/Ceardaí(Ceardaithe)/(Pearsanra)<br>Ainm:<br>Post: | Seoladh: |
| Uimhir Theileafóin/Fóin Póca: | Ríomhphost: |
| Uimhir Thagartha Cánach: | Dáta: |
| An bhfuil leibhéal sásúil comhlíontachta cánach léirithe maidir le fo-chonraitheoirí: | Tá Níl |
| Breac-chuntas ar thaithí maidir le tionscadail/oibreacha den chineál céanna | |

**Is Féidir Leanúint Ar Aghaidh Ar Bhileog Ar Leithligh Más Gá**

gov.ie/tithiocht

An Roinn
Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland